SCOIL DHÚN CHAOIN

Nuachtlitir an Earraigh
Nuachtlitir Uimhir 7: Feabhra 2025

Féile na Bealtaine– 4ú Bealtaine

Tá cuireadh fachta ag an Scoil páirt a ghlacadh i Mórshiúil Fhéile na Bealtaine, rud nár reachtaíodh ó 2019.

Ba bhreá linn a bheith ann i dteannta scoileanna eile i gCorca Dhuibhne. Roghnaíodh pictiúrlann An Phoenix/Scannáin mar théama. Beidh an mórshiúil ar siúl ar an nDomhnach 4ú Bealtaine. Beidh ealaíontóir áitiúil ag teacht chugainn go luath chun tús a chur leis an ullmhúcháin.

Bailiúchán Airgid – *Ride Dingle*– 26ú Aibreán

Béimid ag lorg maoir tráchta don imeacht rothaíochta *RideDingle* ar an Satharn 26ú Aibreán. (Maidin go dtí am lón)

Dheineamar €450 anuraidh agus b'fhiú go mór é. Cuirfear an t-airgead seo i dtreo costas Turas Scoile an tSamhraidh aríst i mbliana. Tá praghas busanna fachta ana dhaor agus cabhróidh sé seo an costas ar gach teaghlach a laghdú. Beidh orainn líon áirithe tuistí a chur ar fáil chun tairbhe a bhaint as.

<u>Dá mbeifeá ar fáil chun é seo a dhéanamh an gcuirfeá scéal go dtí an scoil chomh luath agus is féidir le do thoil.</u>

Tomás Ó Muircheartaigh

Tá Tomás Ó Muircheartaigh ag éirí as a phost le Ciarraí CLG. Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a roinnt leis as na blianta caite aige ag múineadh caide do leanaí na scoile.

Níl aon dabht faoin taitneamh is áthas a spreag sé sna leanaí gach Céadaoin ná faoin dtionchar aige ar an bhfeabhas caide sa scoile le roinnt blianta anuas.

Gach rath ort Tommy, braithfimid uainn tú!

Oíche Blaiseadh Fíona i dtigh Khruger -14ú Feabhra

Bígí linn d'Oíche Bhlaiseadh Fíona I dTigh Khruger ar an 14ú Feabhra, áit a mbeidh deis agaibh blaiseadh de 5 rogha fhíona. Á chur i láthair ag Niamh Lovett iar- Sommelier/'Wines Direct'. Slí deas chun lá le Vailintín a cheiliúradh nó tráthnóna taitneamhach a chaitheamh le cairde.

Eagraithe ag Coiste na dTuismitheoirí ar mhaithe leis an Scoil.

Ticéidí —25 euro

Ag tosnú 7 a chlog.

Cláraigh le téacs go Maebh 086 8103308.

Muireann Ní Chíobháin – Poetry Ireland

Bhí an scríbhneoir aitheanta Muireann Ní Chíobháin linn le déanaí i mbun ceardlainne faoin bpróiséas scríbhneoireachta atá aici. Bhain na leanaí ana thaitneamh as a cuairt agus le cúnamh Dé beidh sí chugainn arís

Tráth na gCeist Comhar Creidmheasa

Comhghairdeas leis na leanaí a ghlac páirt i gcomórtas Tráth na gCeist an Chomhar Chreidmheasa i dTrá Lí le déanaí. Bhíomar ana mhórálach as a n-iarrachtaí.

Peataí na Scoile

Leis an airgead a thuil na hardranganna ag ceardlann na Nollag as na coinnleoirí maisithe a chruthaigh siad féin, beartaíodh peataí nua a cheannach don scoil, cuirigí fáilte roimis Lug agus Gug!

Dataí don nDialann

11ú Feabhra	Lá 'le Gobnait Aifreann 10:30 & Taispeántas san Ionad ag 12:30
19ú Feabhra	Leath Lá – Scoil ag Dúnadh ag 12:00 de bharr lá oiliúna do mhúinteoirí
20/21ú Feabhra	Scoil Dúnta – Briseadh Lár Téarma
11ú Márta	Rang Mhalachaí ag Gael Linn i Siamsa Tíre leis an gceoldráma *Áine.*
17ú Márta	Paráid Lá le Pádraig– eolas le teacht
4ú Bealtaine	Mórsiúil Féile na Bealtaine
11ú Bealtaine	An Chéad Chomaineach

Ranganna Snámha

2ú,9ú,16ú,23ú & 30ú Bealtaine	Rang 1 go dtína 6– Óstán na Sceilge

Turasanna Scoile Deireadh na Bliana

5ú Meitheamh	Rang Mhalachaí Jamie Knox Surfáil
6ú Meitheamh	Rang Áine/Clíodhna – Active Kingdom

Bosca na mBuidéal

Tá ag éirí go hiontach leis an bhfeachtas athchúrsála chun airgid a thuilleamh ar mhaithe na Scoile. Tá nach mór €250 bailithe cheana féin!

Ár mbuíochas ó chroí le Coiste na dTuismitheoirí atá á stiúradh.

Tá sé mar aidhm an t-airgead atá bailithe a chur i dtreo costais busanna dos na turais scoile.

Seó na Nollag

Buíochas ó chroí le gach éinne a chabhraigh Seó na Nollag a chur le chéile. Bhí ard oíche againn agus bailíodh breis agus €1,500 ar an oíche ar mhaithe na scoile.

Barréide Scoile

Do tháinig an chéad ordú don mbarréide scoile nua chugainn an tseachtain seo. Is féidir iad a ordú ag https://idsportshop.com/collections/scoil-naomh-gobnait-tralee.

Má roghnaíonn tú 'Collection' ti-ocfaidh an barra chun na scoile.

Tógáil Scoile

Tá tairiscintí conraitheora fachta anois (*Tender Process*) agus cuirfear an conraitheoir roghnaithe ar aghaidh go dtí an Roinn Oideachais go luath nuair atá tuairisc ár n-innealtóra ullamh.

Beidh orainn fanacht ansan ar scéal ón Roinn maidir le tús a chur le tógáil.

Scoil Naisiúnta Naomh Gobnait

Scoil Dhún Chaoin
Dún Chaoin
Baile an Fhéirtéaraigh
Co Chiarraí
V92 NY00

R-phost:
scoildhunchaoin.ias@gmail.com

Uimhir theileafón:
087 4832512

Téir go dtí : scoildhunchaoin.ie

Ní haon ualach an fhoghlaim